snasTV
NUACHT TG4

# Seanchóras séarachais

Meánleibhéal 2 (B2)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi sheanchóras séarachais i mBéal Átha an Ghaorthaidh. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an bpictiúr thíos ón mír nuachta agus freagraígí na ceisteanna.



1. Cá bhfuil Béal Átha an Ghaorthaidh?
2. Cén fáth a bhfuil an tsráid faoi uisce, dar leat? (Tá nod i dteideal an cheachta.)
3. An bhfuil an t-uisce salach, dar leat? Cén fáth?
4. Cad é an foirgneamh bán, díreach ar an taobh clé den teach buí, dar leat?
5. Cén damáiste a dhéanann a leithéid d'fhadhb don tsráidbhaile agus don cheantar máguaird?
6. Cad a dhéanann Uisce Éireann, dar leat? Mura bhfuil tú cinnte, féach anseo.

# B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

| | |
|---|---|
| a) *omitted, left out* | |
| b) *was discharged* | |
| c) *able for it, up to it* | |
| d) *sewage tank* | |
| e) *waste water* | |
| f) *overspill* | |
| g) *clarification* | |
| h) *spokesperson* | |
| i) *duty* | |

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin? ______________________________

3. Cén Ghaeilge atá agat ar na frásaí seo:

| | |
|---|---|
| *progress* | |
| *to deal with* | |

4. Conas a déarfá *because of* as Gaeilge. Tá cúpla bealach ann: ______________________

5. Cén Ghaeilge atá agat ar *last Saturday*? ______________________________

6. Conas a déarfá *this coming Friday* as Gaeilge? ______________________



# C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus freagraígí na ceisteanna thíos le chéile:

| |
|---|
| 1. **Cá bhfuil Béal Átha an Ghaorthaidh?** |
| |
| 2. **Cén fáth ar sceitheadh séarachas amach as dabhach chamrais sa tsráidbhaile?** |
| |
| 3. **Cén fáth nach bhfuil an córas séarachais in ann aige?** |
| |
| 4. **Cad a deir Dan Ó Céilleachair faoi**n **truailliú?** |
| |
| 5. **Cad a deir Dan Ó Céilleachair faoi**n bh**forbairt áitiúil?** |
| |
| 6. **Cad a dúirt an Chomhairle Contae nuair a d'iarr Nuacht TG4 soiléiriú orthu?** |
| |
| 7. **Conas a léireoidh muintir Bhéal Átha an Ghaorthaidh a míshástacht faoin scéal?** |
| |



# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach)

1. Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos ón mír agus cuir na hainmfhocail agus na hailt sa tuiseal ginideach:

| | |
|---|---|
| a) | Béal Átha (an Gaorthadh): |
| b) | uasghrádú chóras séarachais (an baile): |
| c) | le linn (an stoirm): |
| d) | muintir (an áit): |
| e) | de chuid (an chomhairle): |

2. Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos ón mír agus cuir na hainmfhocail sa tuiseal ginideach:

| | | |
|---|---|---|
| a) | córas (séarachas): | |
| b) | dabhach* (camras): | (*Bí cúramach! Is focal baininscneach é 'dabhach'.) |
| c) | cead (pleanáil): | |
| d) | Uisce (Éire): | |
| e) | baile (Gaeltacht): | |
| f) | dul chun (ceann): | |

3. Nuair a thagann trí ainmfhocal (nó níos mó) le chéile in abairt, bíonn sé deacair a rá cé acu a bheidh sa tuiseal ginideach. Go ginearálta, seo é an riail: bíonn an t-ainmfhocal deireanach sa tuiseal ginideach agus is gnách séimhiú a chur ar an ainmfhocal nó ar na hainmfhocail a thagann roimhe. Féach ar na samplaí thíos den struchtúr seo:

| | | |
|---|---|---|
| Béal Átha an Ghaorthaidh | ach | pobal B**h**éal Átha an Ghaorthaidh |
| bean an tí | ach | teach b**h**ean an tí |

Líon isteach an séimhiú agus an tuiseal ginideach sna samplaí thíos:

| | |
|---|---|
| a) | Pobal + Gaeltacht + Múscraí = **Pobal Ghaeltacht Mhúscraí** |
| b) | baill + bord + an scoil = |
| c) | daltaí + meánscoil + an chathair = |
| d) | teach + cara + Seán = |
| e) | doras + foirgneamh + an t-oideachas = |

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na tascanna seo:

a) Féach ar na pictiúir thíos leat féin ar dtús agus:

- ✓ Roghnaigh an dá cheann is mó a léiríonn na fadhbanna bonneagair (nó infreastruchtúir) in Éirinn.
- ✓ Déan do mhachnamh ar an bhfáth ar roghnaigh tú an dá phictiúr sin.

b) Labhair leis an duine in aice leat ansin agus mínígí bhur gcuid roghanna dá chéile.


c) Pléigí na ceisteanna seo le chéile freisin:

- ✓ Cad iad na fadhbanna bonneagair eile atá againn in Éirinn?
- ✓ Cén fáth a bhfuil na fadhbanna sin againn, dar leat?

Fadhbanna le córais séarachais



Drochbhóithre & brú tráchta



Droch-chóras iompair poiblí



Easpa tithíochta



## 2: Scríobh

Samhlaigh go bhfuil fadhb leis an gcóras séarachais i do cheantarsa. Scríobh ríomhphost chuig do chomhairleoir contae áitiúil ag míniú na faidhbe dó nó di agus ag impí air nó uirthi dul i ngleic leis an bhfadhb.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

# AN SCRIPT

**Maolra Mac Donnchadha**
Tá pobal Bhéal Átha an Ghaorthaidh i nGaeltacht Mhúscraí fágtha ar lár, a deir siad, gan aon dul chun cinn déanta ar uasghrádú chóras séarachais an bhaile. Sceitheadh salachar agus fuíolluisce amach ar an tsráid ann le linn na stoirme an tseachtain seo caite, gan córas a tógadh beagnach céad bliain ó shin in ann aige.

**Marian O'Flaherty**
Sceith séarachas amach as dabhach chamrais i sráidbhaile Bhéal Átha an Ghaorthaidh ó bhí fearthainn throm gan staonadh ann de dheasca Stoirm Bert oíche Dé hAoine agus Dé Sathairn seo a d'imigh tharainn. Sceith fuíolluisce agus fuílleach amach ar an tsráid, gar do Scoil Mhuire. Tá fadhb le cead pleanála mar gheall ar an gcóras seo freisin agus cead diúltaithe do thithíocht sa dúthaigh[1], toisc nach bhfuil an córas seo ar an gcaighdeán cuí.

Sna tríochaidí a tógadh an córas séarachais anseo agus deir muintir na háite go bhfuil sé thar am bearta a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an bhfadhb. Tá an Coiste Pobail agus Forbartha Áitiúil[2] ag impí ar na húdaráis – agus go háirithe ar Uisce Éireann – gníomhú ar mhaithe le muintir na háite.

**Dan Ó Céilleachair, Áitritheoir**
Bhuel, is dócha go bhfuil an pobal áitiúil anseo thar a bheith, is dócha, díomách leis an gComhairle Contae, Uisce Éireann, leis an gcóras séarachais atá againn anseo. Le déanaí, bhí tuilte uafásacha sa tsráid – fadhb eile. Agus ansin, dá bharr sin, níl an córas séarachais ag feidhmiú in aon chor, in aon chor. An truailliú, an dochar atá sé ag déanamh do na páirceanna atá timpeall anseo, agus ag cur bac agus ag cur stop le forbairt áitiúil anseo i mBéal Átha an Ghaorthaidh – baile Gaeltachta agus nílid[3] ábalta anois teach a thógáil. Tá daoine sásta, is dócha, tithe a thógáil ach níl an cead againn.

**Marian O'Flaherty**
D'iarr Nuacht soiléiriú ar Chomhairle Contae Chorcaí faoi cad atá á dhéanamh acu chun an fhadhb a réiteach ach dúirt urlabhraí de chuid na Comhairle gur ar Uisce Éireann atá an dualgas sin. Ach do mhuintir Bhéal Átha an Ghaorthaidh – agus iad ag brath ar chóras a tógadh beagnach céad bliain ó shin – ní leor an dul chun cinn atá déanta agus deir siad go mbeidh sé ar intinn acu agus iad ag vótáil an Aoine bheag seo.

Marian O'Flaherty, Nuacht TG4 i mBéal Átha an Ghaorthaidh.

---

[1] dúthaigh = leagan canúnach de 'dúiche'
[2] *Coiste Forbartha Pobail Áitiúil* an teideal oifigiúil
[3] Nílid = leagan canúnach de 'níl siad'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús, sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| a) *omitted, left out* | fágtha ar lár |
| b) *was discharged* | sceitheadh |
| c) *able for it, up to it* | in ann aige |
| d) *sewage tank* | dabhach chamrais |
| e) *waste water* | fuíolluisce |
| f) *overspill* | fuílleach |
| g) *clarification* | soiléiriú |
| h) *spokesperson* | urlabhraí |
| i) *duty* | dualgas |

j) Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile acu de na focail.
k) Freagraí:

| | |
|---|---|
| *progress* | dul chun cinn |
| *deal with* | dul i ngleic le |

4. Freagraí: de bharr / de dheasca / mar gheall ar.
5. Freagraí: Dé Sathairn seo caite / seo a chuaigh tharainn / seo a d'imigh tharainn.
6. Freagraí: Ar an Aoine bheag seo / Dé hAoine seo chugainn.

## C: TUISCINT

Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach)

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| f) Béal Átha **an Ghaorthaidh** |
| g) uasghrádú chóras séarachais **an bhaile** |
| h) le linn **na stoirme** |
| i) muintir **na háite** |
| j) de chuid **na comhairle** |

2. Freagraí:

| | |
|---|---|
| a) | córas **séarachais** |
| b) | dabhach **c<u>h</u>amrais** (tá an focal ‘dabhach’ baininscneach) |
| c) | cead **pleanála** |
| d) | Uisce **Éireann** |
| e) | baile **Gaeltachta** |
| f) | dul chun **cinn** |

3. Freagraí:

| | |
|---|---|
| a) | **Pobal Ghaeltacht Mhúscraí** |
| b) | Baill bhord na scoile |
| c) | Daltaí mheánscoil na cathrach |
| d) | Teach chara Sheáin |
| e) | doras fhoirgneamh an oideachais |

## E. CUMARSÁID

### 1: Caint

Tabhair deis do na beirteanna na pictiúir a chur i gcomparáid le chéile agus plé a dhéanamh ar na fadhbanna bonneagair/infreastruchtúir atá againn in Éirinn.

### 2: Scríobh

Iarr orthu ríomhphost a scríobh chuig a gcomhairleoir contae áitiúil, ag gearán faoi na fadhbanna a bhaineann leis an gcóras séarachais ina gceantar. Caithfidh siad impí orthu freisin rud éigin a dhéanamh faoin bhfadhb.